Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12608/20**

**EF 273**
**ECOFIN 993**
**DROIPEN 91**
**CRIMORG 85**
**CT 92**
**FISC 206**
**COTER 98**
**FSC 29**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12249/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad tríd an nós imeachta i scríbhinn ar tháinig deireadh leis an 5 Samhain 2020.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. Á MHEABHRÚ DI Clár Oibre Straitéiseach an Aontais Eorpaigh 2019-2024[1] agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mheithimh 2016[2], agus de dhroim na gconclúidí ón gComhairle ó mhí Feabhra 2016[3], ó mhí Dheireadh Fómhair 2016[4] agus ó mhí an Mheithimh 2020[5], agus go háirithe na conclúidí a dhírigh go heisiach ar an chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2018[6] agus i mí na Nollaig 2019[7] tar éis an leasaithe is déanaí ar an Treoir maidir le frithsciúradh airgid, Treoir (AE) 2018/843,

2. Á MHEABHRÚ DI go bhfuil sé mar ardtosaíocht i gcónaí ag an Aontas Eorpach sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac,

3. Á AITHINT DI an dul chun cinn atá déanta le déanaí sa réimse seo, lena n-áirítear na hathruithe a rinneadh le déanaí ar an gcreat dlíthiúil agus an obair a rinneadh faoi Phlean Gníomhaíochta an Aontais 2018[8], agus ag cur in iúl gur díol sásaimh di, go háirithe, an tuarascáil ón gCoimisiún i mí Iúil 2019[9] maidir leis an measúnú ar chásanna líomhnaithe sciúrtha airgid le déanaí a bhain le hinstitiúidí creidmheasa an Aontais,

---

[1] Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024 (EUCO 9/19), maidir le feabhas a chur ar chomhar agus comhroinnt faisnéise chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac

[2] An Chomhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2016 (26/16)

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhrac in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta an 12 Feabhra 2016 (6068/16)

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le bearta breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcomhrac i gcoinne na himghabhála cánach agus na seachanta cánach (13139/16)

[5] Conclúidí ón gComhairle maidir le himscrúduithe airgeadais a fheabhsú chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac (8927/20)

[6] Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta um Fhrithsciúradh Airgid (15164/18)

[7] Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí straitéiseacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (14823/19)

[8] Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta um Fhrithsciúradh Airgid (15164/18)

[9] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an measúnú ar chásanna líomhnaithe sciúrtha airgid le déanaí a bhain le hinstitiúidí creidmheasa an Aontais (COM(2019) 373 final)

4. Á AITHINT DI iarrachtaí na mBallstát a gcreataí frithsciúrtha airgid agus a gcreataí maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) a neartú,

5. Ag cur in iúl gur DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta le haghaidh beartas cuimsitheach de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc[10],

   lena n-áirítear leabhar rialacha aonair an Aontais maidir le AML/CFT agus lena ndéanfar maoirseacht AML/CFT a thabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais chomh maith le sásra comhair agus tacaíochta a bhunú do na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna). IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an cur chuige, a foilsíodh an lá céanna, chun tríú tíortha ardriosca a shainaithint ionas go n-áiritheofaí comhsheasmhacht le próiseas FATF, trédhearcacht iomlán leis na Ballstáit, rannpháirtíocht fheabhsaithe le tríú tíortha agus cur chun feidhme beartais maidir le tríú tíortha,

6. Á AITHINT DI an obair leanúnach a thionscain an Coimisiún i réimse na himirce infheistíochta – eadhon i ndáil le beartais náisiúnta maidir le ceadanna cónaithe fadtéarmacha agus náisiúntacht a dheonú ar shaoránaigh nach saoránaigh de chuid an Aontais iad mar chúiteamh ar infheistíochtaí – d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheist an sciúrtha airgid,

7. Á AITHINT DI a thábhachtaí atá an obair leanúnach i gcomhlachtaí idir-rialtasacha, go háirithe obair an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), atá ina cheannródaí idirnáisiúnta sa réimse a bhaineann le frith-sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta maoiniú leata a chomhrac.

8. Á AITHINT DI a thábhachtaí atá tuiscint cothrom le dáta a choinneáil ar na rioscaí agus na bagairtí atá ann don Aontas agus an ról atá ag an measúnú riosca fornáisiúnta débhliantúil i ndáil leis sin,

9. Á MHEABHRÚ DI na gealltanais a rinneadh ag cruinniú an G20, go háirithe i dtaca le cur chun feidhme prionsabal ardleibhéil maidir le trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil, ar príomhthosaíochtaí iad i gcónaí maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac,

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta le haghaidh beartas cuimsitheach de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (7870/20)

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE,

10. TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit go léir trasuí reachtaíocht ábhartha uile an Aontais sa réimse seo a thabhairt chun críche go pras — go háirithe Treoir (AE) 2018/843 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (an Ceathrú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid) agus Treoir (AE) 2019/1153 — agus cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta sin a neartú a luaithe is féidir.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI gealltanas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar thrasuí agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach na dTreoracha thuas agus, i dtaca leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an próiseas measúnaithe leanúnach maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach maidir le frithsciúradh airgid atá á dhéanamh faoi láthair ag Comhairle na hEorpa thar ceann an Choimisiúin.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta cheana maidir le codanna suntasacha de Phlean Gníomhaíochta na Comhairle 2018 agus IARRANN SÍ ar na páirtithe ábhartha uile na gníomhaíochtaí a shonraítear ann atá fós gan réiteach a chur i gcrích a luaithe is féidir.

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé d’aidhm ag an gCoimisiún tograí reachtacha a thíolacadh go luath in 2021, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart athchóirithe féideartha a dhréachtú ar bhealach cuimsitheach bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil, ag cur san áireamh eilimintí uile an chreata dhlíthiúil chomh maith leis na bearta neamhreachtacha atá i bPlean Gníomhaíochta na Comhairle 2018, agus ag áirithiú ag an am céanna go bhfuil an reachtaíocht comhsheasmhach le córais bhunreachtúla agus dlí na mBallstát, lena n-áirítear na córais sin atá bunaithe ar an dlí coiteann.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt d’obair ar leabhar rialacha aonair an Aontais agus, bunaithe ar an leabhar rialacha aonair, do mhaoirseacht ar AML/CFT ar leibhéal an Aontais agus sásra comhordúcháin agus tacaíochta do na AFAnna a bhunú, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, ag an am céanna, maidir leis an leabhar aonair agus maidir le struchtúr agus cúraimí maoirseoir AML/CFT an Aontais agus maidir le sásra comhordúcháin agus tacaíochta na AFAnna, chun dréachtú comhuaineach a éascú i bhfianaise na nasc idir na hábhair sin.

*Maidir le leabhar rialacha aonair an Aontais maidir le AML/CFT:*

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI plean an Choimisiúin codanna den Treoir maidir le frithsciúradh airgid a aistriú go rialachán a bheadh infheidhme go díreach, chun cothrom na Féinne a éascú sa chómhargadh agus cur i bhfeidhm cothrom na bhforálacha a éascú ar fud an Aontais, pé áit gur gá sin chun difríochtaí náisiúnta trasuite lena mbaintear an bonn de chur i bhfeidhm éifeachtach an chreata AML/CFT a laghdú, agus ag an am céanna ba cheart a áirithiú go gcoinneofar an caighdeán ard a bhaineann na Ballstáit amach ina dtrasuíonna náisiúnta.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach gá gur forchuireadh oibleagáidí breise ar eintitis faoi oibleagáid a bheadh mar thoradh ar shoiléiriú agus ar chomhchuibhiú chreat dlíthiúil AML/CFT.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh maidir le rialachán a bheadh bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí agus an tionchar ábhartha d'fhonn an dlí substainteach a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus na réimsí seo a leanas á gcur san áireamh: cineálacha eintiteas faoi oibleagáid; ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara – lena n-áirítear cian-réitigh díchill chuí leormhaithe mar aon le sainaithint agus fíorú leictreonach –; forálacha maidir le dícheall cuí do dhaoine — saoránaigh agus daoine nach saoránaigh na tíre iad — atá faoi riteacht pholaitiúil; taifid a choinneáil; rialuithe inmheánacha; comhlíonadh uile-ghrúpa; spleáchas ar thríú páirtithe agus forálacha seachfhoinsithe atá i gcomhréir le reachtaíocht earnála; oibleagáidí maidir le tuairisciú, lena n-áirítear tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha; forálacha maidir le húinéireacht thairbhiúil a chinneadh; forálacha maidir le comhar agus malartú faisnéise; bearta maoirseachta agus smachtbhannaí, agus sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta agus na socruithe forfheidhmiúcháin náisiúnta á n-urramú; freagrachtaí, cúraimí ginearálta agus cumhachtaí maoirseachta faoi seach na n-údarás maoirseachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh sé tarlú gur ghá na réimsí sin a oiriúnú dá n-aithneofaí i measúnú tionchair an Choimisiúin réimsí eile le comhchuibhiú nó, os a choinne sin, réimsí nach bhfuil chomh hoiriúnach céanna don chomhchuibhiú.

a. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid a leathnú thar chreat reatha an Aontais maidir le soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla i gcomhréir le Moladh 15 ó FATF agus MEABHRAÍTEAR DI nach mór do dhlí an Aontais déileáil go hiomlán le ceanglais FATF, go háirithe le cur i bhfeidhm Mholadh 16 maidir le haistrithe de dhroim sreinge chuig soláthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla ("an riail taistil").

b. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na cineálacha eintiteas faoi oibleagáid agus aird ar leith á tabhairt ar riosca ML/TF a eascraíonn ó eintitis a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais *de facto* nó codanna díobh, nó seirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu le seirbhísí airgeadais nó, atá comhtháite nó tógtha ar sheirbhísí airgeadais, amhail seirbhísí teicniúla airgeadais agus réitigh airgeadais nár aicmíodh mar institiúidí airgeadais iad faoin reachtaíocht reatha.

c. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na ceanglais shubstainteacha uile a áireamh ina thogra reachtach, gan sainmhíniú na n-eilimintí a fhágáil do na gníomhartha tarmligthe ach amháin i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin de bharr chineál teicniúil an ábhair.

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a chuid oibre a dhíriú go háirithe ar chaighdeán ard aonfhoirmeach díchill cuí custaiméara a bhaint amach, go háirithe maidir le sainaithint an chustaiméara agus aitheantas an chustaiméara a fhíorú, cineál agus cuspóir an chaidrimh ghnó, úinéir tairbhiúil an chustaiméara a fhíorú agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gcaidreamh gnó. Tá forálacha den sórt sin ríthábhachtach toisc go gcuireann siad cosc ar airgead neamhdhleathach a theacht isteach sa mhargadh inmheánach tríd an nasc is laige i slabhra coimircí i gcoinne ML/FT, agus toisc go ndéanann siad iomaíocht éagórach a chosc.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, maidir le sainaithint custaiméara agus i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe, a mhachnamh a dhéanamh maidir leis an ngá tacair sonraí chaighdeánaithe a shainiú chun custaiméirí a shainaithint, is cuma cé acu daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad — ar a laghad an íosfhaisnéis is gá agus próisis sainaitheantais (chianda) a shainiú — agus réiteach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a áirithiú.

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún raon feidhme úsáid na sonraí a leathnú laistigh de na limistéir arna socrú leis na forálacha cosanta sonraí, agus trí úsáid níos fearr a bhaint as an digitiú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus an cosc ar leid a thabhairt á choinneáil ar bun agus coimircí leordhóthanacha maidir le cosaint sonraí á gcur ar fáil, machnamh a dhéanamh ar na féidearthachtaí malartuithe faisnéise a leathnú laistigh de ghrúpaí comhlachtaí agus idir eintitis eile faoi oibleagáid nach bhfuil sa ghrúpa céanna ná san earnáil chéanna, chun faireachán agus comhlíonadh níos fearr a éascú.

21. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí soiléiriú a thabhairt ar conas creat AML/CFT a thabhairt chun réitigh leis na reachtaíochtaí is infheidhme maidir le cosaint sonraí, go háirithe leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir leis na sonraí is féidir a roinnt idir eintitis faoi oibleagáid, agus idir eintitis faoi oibleagáid agus údaráis inniúla, agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú, agus chun neamhréireachtaí idir forálacha cosanta sonraí agus an toirmeasc ar leid a thabhairt, mar shampla. Ina theannta sin, ba cheart gach sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais a chur san áireamh.

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le leasuithe ar reachtaíocht ábhartha eile, go háirithe san earnáil airgeadais, d'fhonn comhleanúnachas a áirithiú sa chreat dlíthiúil, chun feabhas a chur ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise i measc na n-údarás agus chun tograí ábhartha a thíolacadh i ndáil leis sin.

*Maidir le maoirseacht AML/CFT ar leibhéal an Aontais a bhunú:*

23. ADMHAÍONN SÍ agus IS DÍOL SÁSAIMH DI saineolas na n-údarás náisiúnta inniúil maoirseachta agus a ngníomhaíochtaí maoirseachta, a chuireann go mór le cosc agus comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta san Aontas Eorpach.

24. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an bpointe gur léirigh an Coimisiún in anailís *post mortem* go bhféadfadh teagmhais ML/FT san Aontas eascairt as cliseadh eagraíochtúil agus rialachais na n-eintiteas faoi oibleagáid agus as easnaimh eagraíochtúla agus mhaoirseachta na n-údarás náisiúnta, agus dá bhrí sin ADMHAÍONN SÍ an breisluach a bhaineann le maoirseoir AML/CFT san Aontas.

25. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh mhaoirseoir an Aontais ag a bhfuil sainordú soiléir agus sainiú beacht ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí an mhaoirseora, agus prionsabal na coimhdeachta á chur san áireamh trína áirithiú gur cheart raon feidhme mhaoirseoir AML/CFT an Aontais a chur in oiriúint dá bhreisluach maidir le maoirseoirí AML/CFT náisiúnta. DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil ról láidir fós ag maoirseoirí AML/CFT náisiúnta sa chóras Eorpach maoirseachta atá bunaithe ar dhlúthchomhar idir maoirseacht náisiúnta agus maoirseacht an Aontais.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún inniúlachtaí a thabhairt do mhaoirseoir AML/CFT an Aontais ar bhonn riosca-íogair amháin mar seo a leanas: freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar líon áirithe eintiteas faoi oibleagáid a bhfuil riosca ard ML/TF acu agus a roghnaítear ar bhonn na gcritéar riosca iomchuí mar a shonraítear thíos; chomh maith leis an údarás chun dul isteach ar bhonn *ad hoc* agus maoirseacht a ghlacadh ar láimh ó mhaoirseoir náisiúnta i gcásanna eisceachtúla atá sainithe go soiléir ar bhonn critéar atá oibiachtúil agus trédhearcach, i gcásanna nach bhfuil an maoirseoir náisiúnta in ann comhlíonadh a fhorfheidhmiú nó nach féidir leis maoirseacht leordhóthanach a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh údaráis inniúla náisiúnta i dteideal tacaíocht nó idirghabháil a iarraidh ar mhaoirseoir an Aontais le haghaidh eintitis atá faoina sainchúram maoirseachta.

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún díriú, ag an gcéim seo, ar an raon feidhme maoirseachta seo a leanas do mhaoirseoir AML/CFT an Aontais: institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta, *bureaux de change*, institiúidí ríomh-airgid, soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla a chumhdaítear le moltaí FATF (an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais), agus cinn eile nach iad, leis an rogha measúnú a dhéanamh ar fhorleathnú na maoirseachta ar eintitis eile faoi oibleagáid a bhfuil riosca ag baint leo amach anseo, ach freisin i bhfianaise chineál níos aonchineálaí na hearnála airgeadais agus an ardleibhéil comhchuibhithe maidir le ceanglais stuamachta i gcomparáid leis an earnáil neamhairgeadais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ról comhordúcháin, comhairleach nó tacaíochta do mhaoirseoir an Aontais maidir le gach cineál eintitis faoi oibleagáid chun cabhrú le maoirseoirí náisiúnta agus chun cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT san earnáil neamhairgeadais a mhéadú freisin.

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat do mhaoirseacht AML a dhéanamh ar an earnáil neamhairgeadais, agus é á chur san áireamh go bhfuil réimse leathan gairmeacha san earnáil neamhairgeadais, nach bhfuil a raon feidhme, a gceanglais dhlíthiúla ghairmiúla ná a gcritéir cheadúnúcháin comhchuibhithe.

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chuige céimnithe a mholadh laistigh den raon feidhme maoirseachta, ag tosú le grúpa sách beag d'eintitis ardriosca faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais ag an tús, agus cur le líon na n-eintiteas faoi oibleagáid atá faoina shainchúram de réir a chéile. Is é an aidhm a bheadh ann a áirithiú nach mbeadh ró-ualach ar mhaoirseoir AML/CFT an Aontais agus go gcoinneofaí an cur chuige rioscabhunaithe maidir le creat AML/CFT.

30. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na cumhachtaí seo a leanas a thabhairt do mhaoirseoir ionchasach AML/CFT an Aontais, i gcás ina mbeidh sé de cheart aige maoirseacht dhíreach a dhéanamh, de réir mar a leagtar amach i mír 26 é, i bhfoirne comhpháirteacha maoirseachta, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart go n-áireofaí ar fhreagrachtaí mhaoirseoir AML/CFT an Aontais an ceart chun cigireachtaí ginearálta a dhéanamh – lena n-áirítear faisnéis a iarraidh, taifid a scrúdú agus maoirseacht ar an láthair agus lasmuigh den láthair a dhéanamh – chomh maith leis an gceart chun bearta maoirseachta agus smachtbhannaí riaracháin a fhorchur, agus sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta agus na socruithe forfheidhmiúcháin á n-urramú, lena n-áirítear an ceart sainordú a thabhairt d'oifigeach comhlíontachta, tuairisciú rialta a éileamh, agus treoracha díreacha a eisiúint maidir le dícheall cuí feabhsaithe nó idirbhearta ardriosca. Ag an am céanna, is gá cuntasacht mhaoirseoir AML/CFT an Aontais a áirithiú, agus is gá próiseas athbhreithnithe breithiúnach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí mhaoirseoir AML/CFT an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún freisin na cumhachtaí cearta a thabhairt do mhaoirseoir AML/CFT an Aontais chun na cásanna ina bhfuil gá le hidirghabháil a shainaithint.

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na critéir (mar a léirítear thíos iad) a mheas maidir le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí bunúsacha a bheidh le déanamh agus cinneadh á dhéanamh an bhféadfaí maoirseacht riosca-bhunaithe an Aontais a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí ná ar an leibhéal náisiúnta. Ní mór a chur san áireamh leis sin nach bhfuil rioscaí ML/TF comhréireach le méid na n-eintiteas faoi mhaoirseacht. Na critéir: an riosca a thagann as cineál ghnó an eintitis faoi oibleagáid – go háirithe a bhonn custaiméirí, táirgí, bealaí seachadta, nochtadh geografach, agus gnéithe trasteorann á gcur san áireamh –; rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a bhaineann leis na modhanna dáileacháin atá ag síorathrú, go háirithe na dúshláin a bhaineann le AML/CFT a eascraíonn as digitiú na seirbhísí airgeadais chomh maith leis na hiarmhairtí a bheadh ann dá dtiocfadh na rioscaí sin ann. Mar gheall ar chineál athraitheach na rioscaí, ba cheart eintitis faoi oibleagáid a thagann faoi raon feidhme mhaoirseoir AML/CFT an Aontais a athbhreithniú ar bhonn rialta nó nuair a thagann teagmhais thromchúiseacha urghnácha chun cinn, agus freisin d'fhonn a mheas an gá an mhaoirseacht a aistriú thar n-ais go dtí an leibhéal náisiúnta nó leibhéal an Aontais i bhfianaise leibhéal comhfhreagrach riosca.

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar maoirseoir AML/CFT an Aontais, mar údarás inniúil nua, a chomhtháthú go hiomlán i struchtúir chomhair idir na hinstitiúidí ábhartha go léir ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, amhail na húdaráis inniúla náisiúnta, na AFAnna agus a sásra comhordúcháin agus tacaíochta, údaráis fhorfheidhmithe dlí, údaráis phoiblí ábhartha eile ar fud an Aontais chomh maith le hinstitiúidí an Aontais, lena n-áirítear BCE mar mhaoirseoir stuamachta i gcásanna ábhartha agus údaráis agus gníomhaireachtaí eile amhail na hÚdaráis Eorpacha Mhaoirseachta (ÚMEnna), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus Europol. Go háirithe maidir leis an sreabhadh faisnéise idir údaráis mhaoirseachta baile agus óstacha, ba cheart ról idirghabhála a bheith ag maoirseoir an Aontais i gcoinbhleachtaí.

33. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún struchtúr neamhspleách an chomhlachta a áirithiú a mbeidh maoirseacht AML/CFT an Aontais de chúram air i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle 2019. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go mbunófar struchtúr rialachais uathrialach do mhaoirseacht AML/CFT in aon chás.

34. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú, má tá na cúraimí thuasluaite le haistriú chuig údarás nua, go ndéanfar na cumhachtaí uile a bhaineann le maoirseacht AML/CFT ar leibhéal an Aontais a chuachadh laistigh den údarás sin.

35. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú tionchair cuimsitheach a chur i láthair ina ndíreofar go speisialta ar indéantacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, coimhdeacht agus comhréireacht chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le cúraimí maoirseachta a aistriú chuig údarás atá ann cheana nó chuig comhlacht maoirseachta nua-bhunaithe an Aontais atá féinrialaitheach , lena n-áirítear gnéithe buiséadacha, éifeachtúlacht costais agus dlúthchomhar le maoirseoirí náisiúnta AML/CFT.

*Maidir le gnéithe eile a bhaineann le comhar idir údaráis AML/CFT:*

36. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh sásra comhordúcháin agus tacaíochta AFA agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart go mbeadh foirm an tsásra ag brath ar a fheidhmeanna agus go gcuirfeadh sé leis na gníomhaíochtaí a dhéanann ardán AFA an Aontais faoi láthair i gcomhréir lena shainordú faoi Airteagal 51 AMLD. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún foireann bhuan agus buiséad a chur ar fáil don sásra a bheidh ann amach anseo.

37. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gnéithe agus cumhachtaí sásra den sórt sin a dhíorthú óna phríomhfheidhmeanna, lena n-áirítear go háirithe a ról lárnach maidir le hanailís chomhpháirteach idir FIUnna a neartú agus a éascú, ag tacú i gcomhréir le hAirteagal 32 AMLD le hanailís oibríochtúil agus straitéiseach na FIUnna chomh maith le rioscaí agus feiniméin atá ábhartha don Aontas a shainaithint, malartuithe agus forbairt acmhainní a chur chun cinn i measc FIUnna agus comhar le húdaráis inniúla eile a fheabhsú. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil an sásra comhordúcháin agus tacaíochta bunaithe ar rialachas lena mbaineann FIUnna ina iomláine agus lena n-urramaítear croí-róil agus príomhfhreagrachtaí FIUnna maidir le neamhspleáchas agus uathriail oibríochtúil chomh maith le slándáil agus rúndacht na faisnéise airgeadais.

38. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Cinneadh ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) lena bhforchuirtear toirmeasc ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta Europol (bunaithe ar ábhair imní maidir le daoine aonair nach meastar a bheith faoi dhrochamhras) chun críocha riarachán teicniúil FIU.net agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndéanfaidh an Coimisiún FIU.net a óstáil go sealadach. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún réiteach fadtéarmach a bhunú do FIU.net chun comhar éifeachtach a áirithiú i measc AFAnna.

39. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún údarás a thabhairt don sásra comhordúcháin agus tacaíochta treoir agus nósanna imeachta a sholáthar agus formáidí agus teimpléid theicniúla cheangailteacha a ghlacadh de réir mar is gá, i ndlúthchomhar leis na hAonaid Eorpacha uile.

40. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún soiléiriú a thabhairt maidir le forálacha iomchuí cosanta sonraí chun ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú sa mhalartú sonraí idir FIUnna an Aontais agus iadsan ó thríú tíortha, agus aird á tabhairt ar mholtaí FATF agus ar phrionsabail Ghrúpa Egmont.

41. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs an dlúthchomhair laistigh de FATF, béim a leagan ar nádúr fornáisiúnta chreat dlí AML/CFT an Aontais Eorpaigh agus urraim á tabhairt ag an am céanna do bhallraíocht aonair Bhallstáit an Aontais agus do ról a dtoscaireachtaí in FATF. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún an próiseas maidir le measúnú a dhéanamh ar dhlínsí ardriosca a chur i gcrích ar bhealach lena n-áirithítear ardcháilíocht, trédhearcacht agus an ceart chun éisteacht a fháil, agus sruthanna oibre FATF á gcur san áireamh agus dúbláil na bpróiseas á seachaint.

42. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún treoir thráthúil a chur ar fáil, i bhfianaise na n-iarrachtaí leanúnacha athchóirithe sna Ballstáit agus go háirithe maidir le cur i bhfeidhm sonrach na rialacha cosanta sonraí agus a gcomhtháthú sa chreat AML/CFT, maidir le malartú faisnéise agus comhroinnt sonraí laistigh de chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha arna mbunú idir eintitis faoi oibleagáid, údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chomh maith le FIUnna i roinnt Ballstát.